



29 Iúil 2021

Scéal, Scéal, Scéal...

- Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige -

Eagrán 59



BOINN CHRÉ-UMHA BUAITE AG NA CLUICHÍ OILIMPEACHA!

Comhghairdeachas ó chroí le hAifric Keogh as Aill a' Phreacháin sna Forbacha agus lena cuid comhbhádóirí Emily Hegarty, Eimear Lambe agus Fiona Murtagh a bhuaigh boinn chré-umha sa rámhaíocht ag na Cluichí Oilimpeacha i dToiceó. Bhuaigh bád na hAstráile an bonn óir sa rás agus d'éirigh leis na hísiltírigh an bonn airgid a bhuachan. Is iad seo na chéad mhná ón tír seo le boinn Oilimpeacha sa rámhaíocht a bhuachan, éacht go cinnte! Tá muintir Chois Fharraige agus pobal na hÉireann ar fad thar a bheith bródúil as an bhfoireann iontach seo.



ÉIGSE JOE STEVE

Tá Éigse in onóir do Joe Steve Ó Neachtain, a fuair bás ar an 19 Eanáir 2020, á reáchtáil ag Comharchumann Shailearna. Tá maoiniú de €8,000 ceadaithe ag Ealaín na Gaeltachta le dul i dtreo chostais na hÉigse. Beidh sé ar siúl i mí Eanáir 2022, cothrom an ama ar bhásaigh Joe. Díreoidh imeachtaí agus ócáidí na hÉigse ar an lorg suntasach a d'fhág sé mar laoch scríbhneoireachta, aisteoireachta agus ealaíon sa nGaeltacht agus ar fud na tíre.



GRADAM BUAITE AG 'FOSCADH'

Bronnadh ceann de mhórghradaim Fhleadh Scannáin na Gaillimhe ar an scannán '**Foscadh**' a stiúraigh Seán Breathnach, a bhfuil cónaí air i nDoire Locháin. Bhuaigh 'Foscadh' an gradam don 'Chéad Fhadscannán Éireannach is Fearr' ag an bhFleadh. Is iomaí aisteoir iontach a ghlac páirt ann. Is é Dónall Ó Héalaí as Cois Fharraige príomhcharachtair John Cunliffe, in éineacht le Fionnuala Ní Fhlatharta, Árann, agus Cillian Ó Gairbhí as Luimneach. Leagan den úrscéal "*The Thing about December*" le Donal Ryan atá ann. I gceantar Dhúiche Seoigheach is mó a déanadh an scannánaíocht i bhFómhar na bliana seo caite agus tá áilleacht agus draíocht an cheantair léirithe go breá ann. Beidh an scannán á léiriú ag féilte scannáin idirnáisiúnta as seo go ceann cúpla mí eile agus beidh deis breathnú air sa bpictiúrlann níos deireanaí i mbliana.

CUAIRTEOIR 'S CEOL SA SPIDÉAL

Thug an ceoltóir aitheanta Ciarraíoch Breannbán Ó Beaglaioich cuairt ar an Spidéal le gairid. Bhí clár á thaifeadadh ag an gceoltóir mar chuid den bhfeachtas atá idir lámha aige le tamall maidir le cearta mhuintir na Gaeltachta tithe, teaghlaigh agus saolta a thógáil, gan dua, ina gceantair féin. Bunaithe ar a thaithí agus deacrachtaí féin, tá Breannbán ag iarraidh an scéal a scaipeadh agus an ceann is fearr a fháil ar na dúshláin seo. Chomh maith le roinnt agallaimh agus comhrá, sheinn an Bheaglaioich roinnt ceoil in éineacht le Johnny Óg Connolly, Frankie Mac Aodha agus Traolach Ó Conghaile. Seisiún den chéad scoth a bhí ar an Airdín Buí! Beidh Breannbán ag caint le Pat Kenny maidir leis an bhfeachtas ar Newstalk ar an Aoine 29ú Iúil. Craolfar clár teilifíse Bhreannbáin an bhliain seo chugainn ar RTÉ 1.



DAOINE BREISE AG TEASTÁIL Ó ROS NA RÚN

Tá Ros na Rún sa tóir ar dhaoine breise le haghaidh Sraith 26. Le bheith i do dhuine breise ar an gclár, seol teachtaireacht ríomhphoist chuig extras@rosnurun.com leis na sonraí seo a leanas: d'uimhir gutháin, grianghraf a

tógadh díot le gairid, dáta breithe agus do sheoladh poist. Is féidir glaoch a chur ar [091 558 400](tel:091558400) freisin. Caithfidh iarrthóirí a bheith 16 bliana d'aois ar a laghad.



SUIRBHÉ Ó GHLÓR NA nGAEL

Tá suirbhé deartha ag Glór na nGael le haiseolas a bhailiú maidir leis na seirbhísí a chuir siad ar fáil le linn na bliana. Bheadh an fhoireann an-bhuíoch dá gcuirfeadh daoine a gcuid tuairimí in iúl ach an suirbhé a líonadh. Fáilteofar roimh mholtaí maidir le tacaíochtaí, imeachtaí agus acmhainní freisin. Is féidir an suirbhé a líonadh [anseo](#).

FOLÚNTAS LE FÍBÍN

Tá **Meangadh Fíbin** sa tóir ar Oifigeach Gaeilge. Post lán-aimseartha atá i gceist, thar tréimhse dhá bhliain. Fáilteofar roimh iarratais ó chéimithe Gaeilge a bhfuil sárscileanna scríbhneoireachta agus labhartha acu. Scripteanna a aistriú agus a cheartú, tacaíocht agus comhairle a chur ar fáil don fhoireann léirithe ó thaobh na Gaeilge de agus comhairle a chur ar na scríbhneoirí scripte príomhdhualgais an phoist. Glacfar le hiarratais go dtí an Luan 2ú Lúnasa @ 5i.n. Seolaigí iarratais chuig Bernie@fbinmedia.ie.

UAIREANTA OSCAILTE NUA AG RÚNDA

Tá uaireanta oscailte nua fógartha ag Rúnda, atá lonnaithe ar chúl siopa an bhearbhora sa Spidéal. Beidh Rúnda oscailte anois chuile lá i rith na seachtaine, agus ag an deireadh seachtaine ó 9-4i.n. Is féidir raon leathan caife agus sneaiceanna milse a fháil ann. Bainigí taitneamh as!



OIFIGEACH OIDEACHAIS AG TEASTÁIL DON CHLÁR TECHSPACE

Tá post mar Oifigeach Oideachais ar an gClár Techspace á fhógairt ag **Kinia**. Is carthanas agus fiontar sóisialta neamhbhrabúis dírithe ar an oideachas é Kinia. Beidh an té a cheapfar lonnaithe in Áras na nGael, i Sráid Doimnic i nGaillimh. Is conradh lánaimseartha, ar théarma socraithe atá i gceist. Beidh an tOifigeach Oideachais freagrach as oiliúint shaincheaptha a sholáthar d'oideachasóirí, tacaíocht leanúnach chruthaitheach agus theicniúil a thabhairt do líonra múinteoirí agus d'oibrithe óige Techspace chomh maith le hábhar agus acmhainní a fhorbairt do thionscadail teicneolaíochta. Seol iarratais chuig seamusofatharta@kinia.ie roimh an 10ú Lúnasa @ 5 i.n

COMHARTHAÍ COVID DO CHUMANN MICHEÁL BREATHNACH

Bhronn Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga comharthaí COVID-19 ar Chumann Lúthchleas Gael Micheál Breathnach le gairid agus baill ag filleadh ar thraenáil, ar chluichí agus ar imeachtaí eile. Má tá suim agatsa comharthaí den chineál seo a fháil le haghaidh d'eagraíocht féin, déan teagmháil leis na hOifigigh Pleanála Teanga ag optchoisfharraige@gmail.com.



Ba mhaith liom go gcuirfí ar an liosta teagmhála mé.

Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga CTR

Inis Fáil, An Spidéal, Co. na Gaillimhe
H91 X63V

083 010 6294

Muna mian leat cóip den nuachtlitir seo a
fháil, seol teachtaireacht chuig
optchoisfharraige@gmail.com agus bainfear
den liosta poist thú.



Ba mhaith liom m'ainm a bhaint ón liosta

mailerlite